Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.

AN ARDTEISTIMÉIREACHT: SCRÚDUITHE PRAITICIÚLA SAN EALAÍN

3 Bealtaine – 13 Bealtaine 2016

S 17/16

Chuig an údarás scoile atá ainmnithe sa seoladh

A Chara,

Iarrtar ort an t-eolas sa chiorclán seo a chur faoi bhráid na n-iarrthóirí, na múinteoirí agus ionadaithe na dtuismitheoirí.

Nóta: Tagraítear go hearráideach don chiorclán seo ar scrúdpháipéir na Ceardaíochta mar S 11/16.

1. An Tráthchlár

1.1 Tá cead agat Scrúduithe Ealaíne na hArdteistiméireachta a thionól ar laethanta a oireann daoibh féin le linn na tréimhse **3 Bealtaine – 13 Bealtaine, 2016** ach na laethanta sin a chur in iúl do Choimisiún na Scrúduithe Stáit**. Ní mór**, mar sin féin, na comhpháirteanna éagsúla a thionól san ord atá sonraithe sa tábla thíos.

Ord	*Comhpháirt*	*Leibhéal*	*An tAm a Cheadaítear*
1	**Dearadh** ***nó***	Ard- agus Gnáthleibhéal	**2½ uair (maidin amháin)**
	Ceardaíocht	Ard- agus Gnáthleibhéal	**2½ uair (maidin) agus** **2½ uair (tráthnóna)** **5 uair san iomlán**
2	**Cumadóireacht Shamhlaíoch/ Ábhar Neamhbheo**	Ard- agus Gnáthleibhéal	**2½ uair (maidin amháin)**
3	**Sceitseáil Bheo-Ábhair**	Ard- agus Gnáthleibhéal	**1 uair (tráthnóna amháin)**

1.2 Ní mór na scrúduithe sa Dearadh agus sa Cheardaíocht a thionól an lá céanna agus ní mór don dá chomhpháirt tosú ag an am céanna *ar maidin*.
Ní mór dhá sheisiún a bheith sa scrúdú Ceardaíochta agus iad araon dhá uair an chloig go leith ar fad, ar an lá céanna. Murar féidir cóiríocht a chur ar fáil do na hiarrthóirí go léir i dteannta a chéile ar an lá ceanna, is féidir ócáidí breise a thionól lá eile.

1.3 Ba chóir na scrúduithe sa Dearadh agus sa Cheardaíocht a thionól i seomraí ar leith más féidir é.

1.4 Ní mór an scrúdú sa Chumadóireacht Shamhlaíoch/Ábhar Neamhbheo a thionól ar maidin agus an scrúdú sa Sceitseáil Bheo-Ábhair a thionól tráthnóna an lae chéanna.

1.5 Is cóir a threorú do na hiarrthóirí a bheith i láthair i seomra an scrúdaithe tráth nach déanaí ná leathuair an chloig roimh thús na scrúduithe.

1.6 Nil cead agat fon póca, ceamara na fearas taifeadta ar bith a thabhairt isteach in Ionad na Scrúduithe.

2. Eisiúint na gCeistpháipéar

- Dearadh ***nó*** Ceardaíocht
- Cumadóireacht Shamhlaíoch/Ábhar Neamhbheo
- Sceitseáil Bheo-Ábhair

2.1 Chun cuidiú leis na hiarrthóirí ina gcuid ullmhúcháin do na scrúduithe Ealaíne ba chóir na ceistpháipéir a dháileadh ar na hiarrthóirí ar **19 Aibreán, 2016**. Cuirfear pacáistí de cheistpháipéir agus de cháipéisí eile chuig na scoileanna roimh ré.

2.2 **N.B.** Maidir le Sceitseáil Bheo-Ábhair, beidh na treoracha ar fad agus ceisteanna an scrúdaithe ar aon cháipéis amháin agus eiseofar iad i ngnáthchlúdach na gceistpháipéar.

2.3 **Ba chóir páipéar sa Dearadh nó sa Cheardaíocht a thabhairt do na hiarrthóirí, de réir mar is cuí. Níor chóir, i gcúinse ar bith, páipéar sa Dearadh *agus* páipéar sa Cheardaíocht a thabhairt d'aon iarrthóir.**

2.4 Tá aguisíní leis an gciorclán seo a thugann mionsonraí maidir le riachtanais na scrúduithe sa Dearadh, sa Cheardaíocht, sa Chumadóireacht Shamhlaíoch/Ábhar Neamhbheo agus sa Sceitseáil Bheo-Ábhair.

3. Cuspa(í) sa Sceitseáil Bheo-Ábhair

3.1 Ba chóir cuspa(í) ar leith a fhostú ar gach leibhéal den pháipéar sa Sceitseáil Bheo-Ábhair mar a leanas: cuspa amháin in aghaidh gach deichniúir iarrthóirí nó níos lú, i.e. cuspa amháin do 1-10 iarrthóirí, 2 chuspaí do 11-20 iarrthóir, 3 cuspaí do 21-30 iarrthóir, etc.

3.2 Ní mór do na hiarrthóirí líníocht a dhéanamh ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa agus caithfidh radharc gan bhac a bheith acu ar an gcuspa, chun tosaigh nó ón taobh. Ní cóir do na hiarrthóirí radharc ó chúl an chuspa a tharraingt.

3.3 Ní gá frapaí ná éadaí ar leith don chuspa mura luaitear a leithéid go sonrach ar an scrúdpháipéar.

3.4 Ceadaítear don chuspa tréimhsí sosa a ghlacadh agus am chun an staidiúir a athrú (15 nóiméad san iomlán). Ceadaítear do na hiarrthóirí oibriú ar a gcuid sceitsí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn na tréimhse idir an dá staidiúir.

3.5 Ceadaítear don scoil táille **€12.32** a íoc le gach cuspa agus aisíoc a éileamh ar an gCoimisiún. Cuirfear foirm éilimh lena aghaidh sin chuig na scoileanna i ndeireadh mhí Aibreáin. Is cóir í a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit. I gcás scoileanna na gCoistí Gairmoideachais / mBord Oideachais agus Oiliúna, ní mór na haisíocaíochtaí a éileamh ar an gCoiste Gairmoideachais / mBord Oideachais agus Oiliúna cuí.

4. Feitheoir(í) a Cheapadh

4.1 Iarrtar ort duine oiriúnach, nach ball d'fhoireann na scoile é/í, a cheapadh chun feitheoireacht a dhéanamh ar na scrúduithe.

4.2 Ba chóir don scoil táille **€112.04** a íoc leis an bhFeitheoir in aghaidh an lae agus aisíoc a éileamh ar an gCoimisiún. Is cóir a thabhairt ar aire go ndlitear cáin ioncaim, an muirear sóisialta uilíoch, an Asbhaint le haghaidh Phinsean na Seirbhíse Poiblí (nuair is cuí sin) agus árachas sóisialta (ÁSPC) a ghearradh ar gach táille a íoctar le Feitheoirí. Tá ceapachán feitheoirí faoi réir ag Aicme J den ÁSPC. Is é ráta ÁSPC an fhostóra san aicme sin ná 0.5%. Aisíocfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit ÁSPC an fhostóra leis na scoileanna agus leis na Coistí Gairmoideachais ar an ráta a bhaineann le feitheoirí. Eiseofar foirm éilimh lena aghaidh sin i ndeireadh mhí Aibreáin. Ba chóir an fhoirm a chomhlánú agus a sheoladh ar ais go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit. I gcás scoileanna na gCoistí Gairmoideachais / mBord Oideachais agus Oiliúna, ní mór na haisíocaíochtaí a éileamh ar an gCoiste Gairmoideachais / mBord Oideachais agus Oiliúna cuí.

5. Cáipéisí don Fheitheoir

5.1 Cuirfear cóipeanna de na Treoracha d'Fheitheoirí chuig na scoileanna. Ba chóir cóip amháin a sheoladh chuig an bhFeitheoirí no na Feitheoirí nuair a cheaptar é/í/iad, agus **cóip amháin a thabhairt don mhúinteoir ealaíne**.

5.2 Tá na cáipéisí seo a leanas faoi iamh freisin agus ba chóir iad a thabhairt don Fheitheoir tráth a shroicheann sé/sí an scoil chun dul i mbun an scrúdaithe:

- An Rolla Tinrimh don Dearadh (áit a ndéantar an rogha sin).
- An Rolla Tinrimh don Cheardaíocht (áit a ndéantar an rogha sin).
- An Rolla Tinrimh don Chumadóireacht Shamhlaíoch/Ábhar Neamhbheo.
- An Rolla Tinrimh don Sceitseáil Bheo-Ábhair.
- Tá gach Rolla Tinrimh ar pháipéarachas dépháirteach. Ba chóir an dá pháirt a thabhairt don Fheitheoir.
- N.B. Sula dtugtar na Rollaí don Fheitheoir, ba chóir don Phríomhoide a dheimhniú, i gcomhairle leis an Múinteoir Ealaíne, go bhfuil an t-eolas atá clóite ar gach Rolla cruinn.
- Liostaí Foláireamh do gach comhpháirt den scrúdú Ealaíne.
- Soláthar de na foirmeacha i gcomhair Thuairisc an Fheitheora.
- Soláthar de lipéid ghreamaitheacha a gcaithfidh an Feitheoir a c(h)uid inisealacha agus an dáta a chur orthu, agus iad a fheistiú de gach bileog de pháipéar ealaíne a eisítear do na hiarrthóirí le haghaidh na gcomhpháirteanna Dearadh agus Ceardaíocht. Ní mór sin a dhéanamh sula dtosaíonn an scrúdú.

5.3 Tá na cáipéisí seo a leanas, a bheidh ag teastáil ón bhFeitheoir, á seoladh faoi chlúdach ar leith:

- Bileoga líníochta, rianpháipéar, etc. Más mian le hiarrthóir páipéar líníochta a úsáid seachas an páipéar a chuireann an Coimisiún ar fáil, ní mór don Fheitheoir é a shíniú **roimh** an scrúdú atá i gceist chun a dheimhniú nach raibh aon rud air.
- Soláthar de lipéid ghreamaitheacha "Ardleibhéal" agus "Gnáthleibhéal".
- Soláthar de lipéid cheangail le feistiú de shaothar críochnaithe na n-iarrthóirí sa Cheardaíocht.
- Soláthar de **chlúdaigh mhóra thrédhearcacha le haghaidh na Ceardaíochta** – ceann do gach iarrthóir a roghnaigh an Cheardaíocht, chun na nithe seo a choinneáil:
    - bileog ullmhúcháin
    - bileog réamhsceitsí
    - píosa críochnaithe ceardaíochta (más déthoiseach atá sé)
    - ábhar eile, má shonraítear sin do cheirdeanna indibhidiúla sa scrúdpháipéar.

    Soláthar de **chlúdaigh mhóra bhána** – ceann do gach iarrthóir lena n-aghaidh seo:

    - Dearadh (trí bhileog san iomlán – bileog Ullmhúcháin, bileog Réamhsceitsí agus moladh dearaidh deiridh)
    - Cumadóireacht Shamhlaíoch ***nó*** Ábhar Neamhbheo (bileog amháin)
    - Sceitseáil Bheo-Ábhair (dhá bhileog)
- Soláthar de **chlúdaigh mhóra sheachadta ghlasa** chun clúdaigh bhána na n-iarrthóirí a sheoladh ar ais go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

6. Rolla an Tinrimh

6.1 Ceardaíocht

6.1.1 Tá Scrúduimhreacha, Ainmneacha agus Dátaí Breithe na n-iarrthóirí réamhchlóite ar an Rolla. Taispeántar líon na n-iarrthóirí atá liostaithe ar **gach leathanach** den Rolla sa bhosca cuí i mbun gach leathanaigh. Sula dtugtar an Rolla don Fheitheoir, ba chóir do phríomhoide na scoile a dheimhniú, i gcomhairle leis an múinteoir ealaíne, go bhfuil an t-eolas atá clóite ar an Rolla cruinn.

6.1.2 Ní mór do na hiarrthóirí an Rolla a shíniú ar maidin agus arís tráthnóna.

6.1.3 Tá dearbhú ar gach leathanach den Rolla, atá le síniú ag an bhFeitheoir agus le comhshíniú ag príomhoide na scoile, go bhfuil obair ann ó gach iarrthóir a shínigh an Rolla (i.e. bileog Ullmhúcháin, má thug an t-iarrthóir a leithéid isteach sa scrúdú, bileog Réamhullmhúcháin, an píosa ceardaíochta críochnaithe, earra ar bith eile a shonraítear sa cheist atá roghnaithe ag an iarrthóir agus aon ábhair ab éigean a chur i leataobh). Ar an scoil a bheidh an fhreagracht a dheimhniú go gcoinneofar saothar gach iarrthóra go sábháilte don Scrúdaitheoir.

6.1.4 Tá sampla de Rolla Tinrimh comhlánaithe faoi iamh i do chóip de Threoracha an Fheitheora.

6.1.5 I ndeireadh an scrúdaithe sa Cheardaíocht, ba chóir don Fheitheoir an bharrchóip den Rolla Tinrimh le haghaidh na Ceardaíochta a sheoladh ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit sa chlúdach marcáilte 'Rolla Ceardaíochta'.

6.2 Dearadh, Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo agus Sceitseáil Bheo-Ábhair

6.2.1 I gcás gur gá, ar chúiseanna cóiríochta, breis is Feitheoir amháin a cheapadh, ba chóir an Rolla iomlán a thabhairt do dhuine amháin de na Feitheoirí a dheimhneoidh, le comhoibriú an Fheitheora eile, go bhfuil an Rolla sínithe ag na hiarrthóirí go léir atá i láthair.

6.2.2 Ag deireadh an scrúdaithe dheireanaigh i.e. Sceitseáil Bheo-Ábhair, ba chóir don Fheitheoir barrchóip na rollaí Tinrimh do na comhpháirteanna ar fad a sheoladh ar ais go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit in éineacht leis na Liostaí Foláireamh, ach iad a bheith curtha i gclúdach gorm na liostaí foláireamh ar dtús. Ba chóir foirmeacha do Thuairisc an Fheitheora a chur sa chlúdach marcáilte "Rolla". Ba chóir don údarás scoile an chóip íochtarach de na Rollaí Tinrimh a choinneáil.

7. An Fhoirm do Thuairisc an Fheitheora

7.1 Má tá iarrthóir as láthair do scrúdú ar bith ní mór don Fheitheoir Ainm agus Scrúduimhir an iarrthóra a thaifeadadh sa spás cuí ar Fhoirm Thuairisc an Fheitheora. Ba chóir, freisin, Ainm agus Scrúduimhir iarrthóir ar bith atá i láthair don scrúdú ach nach bhfuil liostaithe ar an Rolla Tinrimh a thaifeadadh sa spás cuí atá ann dó ar Fhoirm Thuairisc an Fheitheora.

7.2 Ní mór don Fheitheoir foirm ar leith a úsáid (a) do gach ábhar, (b) do gach seomra, (c) do gach seisiún.

7.3 Ag deireadh an scrúdaithe ní mór don Phríomhoide Foirm Thuairisc an Fheitheora agus í comhlánaithe go hiomlán agus sínithe ag an bhFeitheoir, a chomhshíniú.

8. Ról an Mhúinteora Ealaíne

8.1 Roimh thús gach scrúdaithe, ba chóir don mhúinteoir ealaíne sa scoil cuidiú le hullmhú an tseomra do gach scrúdú agus le soláthar pé uirlisí agus ábhar is gá.

8.2 Fad atá an scrúdú Ceardaíochta ar siúl ba chóir don mhúinteoir ealaíne a bheith i láthair sa seomra scrúdaithe **i gcaitheamh an scrúdaithe** chun uirlisí agus ábhair a thabhairt amach agus chun déileáil le huirlisí nó ábhair bhriste. Ba chóir don mhúinteoir ealaíne cuidiú leis an bhFeitheoir na saothair chríochnaithe a stóráil agus plé go ginearálta le ceisteanna eile nach bhfuil i gcumas an Fheitheora déileáil leo **má iarrann an Feitheoir a leithéid de chúnamh**.

8.3 **Ar mhaithe le cothroime idir iarrthóirí a choinneáil, níl cead ag an múinteoir ealaíne stiúir ná cúnamh ar bith a thabhairt do na hiarrthóirí agus níl cead aige/aici cumarsáid a dhéanamh leis na hiarrthóirí i gcaoi a thabharfadh buntáiste dóibh dá bharr.**

8.4 **Níl cead ag an múinteoir ealaíne a bheith i láthair** i seomra an scrúdaithe le linn na scrúduithe sa Dearadh, sa Chumadóireacht Shamhlaíoch/Ábhar Neamhbheo agus sa Sceitseáil Bheo-Ábhair.

9. Ag Deireadh an Scrúdaithe

9.1 I ndeireadh an scrúdaithe sa Cheardaíocht (má roghnaítear é) ní mór do gach iarrthóir a b(h)ileog Ullmhúcháin, bileog Réamhsceitsí agus an píosa ceardaíochta críochnaithe (más déthoiseach atá sé) a chur isteach ina c(h)lúdach trédhearcach le haghaidh na ceardaíochta agus séala a chur air. Más píosa tríthoiseach é, ba chóir é a chur ar bharr an chlúdaigh thrédhearcaigh agus an clúdach a chur faoi shéala.

9.2 I ndeireadh an scrúdaithe sa Dearadh (má roghnaítear é), ní mór do gach iarrthóir a s(h)aothar (trí bhileog) a chur isteach i gclúdach bán an iarrthóra agus ní mór don údarás scoile é seo a choinneáil, **gan séalú**, in áit shábháilte.

Nuair a bheidh an scrúdú sa Chumadóireacht Shamhlaíoch/Ábhar Neamhbheo críochnaithe ba chóir an saothar seo a chur in éineacht leis an Dearadh i gclúdach bán an iarrthóra agus é a choinneáil, **gan séalú**, go dtí go mbeidh comhpháirt na Sceitseála Beo-Ábhair déanta. Nuair a bheidh an scrúdú sa Sceitseáil Bheo-Ábhair críochnaithe ní mór an dá bhileog a bhíonn ag an iarrthóir sa Sceitseáil Bheo-Ábhair a chur i gclúdach bán an iarrthóra agus **é a chur faoi shéala ansin**.

9.3 Nuair a bheidh séala ar na clúdaigh ar fad (ag deireadh an scrúdaithe sa Sceitseáil Bheo-Ábhair), ní mór don Fheitheoir **na clúdaigh sin a shórtáil in ord na scrúduimhreacha**. Ní mór don Fheitheoir **na clúdaigh bhána a roinnt ina nArdleibhéal agus ina nGnáthleibhéal**, agus gach carn de chlúdaigh shórtáilte **a chur i gclúdach seachadta glas ar leith le haghaidh gach leibhéil díobh**. Ba chóir na clúdaigh sheachadta ghlasa **a thabhairt an uair sin, gan séalú, do phríomhoide na scoile**.

9.4 Tar éis dó a dhearbhú leis an bPríomhoide, agus iad ag tagairt don Rolla Tinrimh, go bhfuil clúdach iarrthóra bán ann do gach iarrthóir a tháinig i láthair don scrúdú, **ba chóir don Fheitheoir gach clúdach seachadta glas a shíniú**. Deimhnigh go bhfuil uimhir rolla na scoile scríofa ar an lipéad bán atá feistithe den chlúdach seachadta glas. **Ba chóir an clúdach seachadta glas a chur faoi shéala ansin** agus a choinneáil in áit shábháilte sa scoil go dtí go mbaileoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

9.5 Tá sé i gceist na clúdaigh sheachadta a bhailiú **faoi dheireadh mhí na Bealtaine, 2016**. Cuirfear mionsonraí maidir leis na socruithe don bhailiúchán ar aghaidh chugat níos deireanaí. Eiseofar an tráth sin freisin, lipéid bharrachóid lena bhfeistiú de na clúdaigh sheachadta ghlasa.

10. Socruithe chun Ceardaíocht a scrúdú

10.1 Cuirtear in iúl leis seo do na scoileanna go ndéanfar comhpháirt na Ceardaíochta a scrúdú sna scoileanna i gcaitheamh na tréimhse 7 – 17 Meitheamh 2016. Iarrtar ar údaráis na scoileanna, mar áis do na scrúdaitheoirí, clúdaigh thrédhearcacha cheardaíochta na n-iarrthóirí a leagan amach in ord scrúduimhreacha na n-iarrthóirí. Ba chóir gach saothar ceardaíochta tríthoiseach a chur ar bharr an chlúdaigh cheardaíochta thrédhearcaigh a bhaineann leis agus an clúdach sin faoi shéala.

10.2 Nuair a bheidh an scrúdúchán thart, ba chóir an Cheardaíocht féin (na clúdaigh agus na saothair 3T nuair is cuí) a choinneáil faoi ghlas in áit shábháilte **go dtí tar éis an spriocdháta chun cur isteach ar achomharc** in aghaidh thorthaí na hArdteistiméireachta. Faoin tráth sin, is féidir an cheardaíocht a thabhairt ar ais do na hiarrthóirí **ach amháin dóibh siúd a rinne achomharc. I gcásanna dá leithéid is cóir gach ceardaíocht a choinneáil go sábháilte go dtí go mbeidh próiseas an achomhairc curtha i gcrích go hiomlán.**

Má bhíonn iarrthóir as láthair de bharr tinnis ní mór deis a thabhairt don iarrthóir an scrúdú Praiticiúil a dhéanamh chomh luath agus is féidir i gcaitheamh na tréimhse roimh 8 Meitheamh 2016 (féach an fhoirm Ealaín 7 a eisíodh in éineacht le ciorclán S11/16).

Ciorclaíocht

Iarrtar ort na hiarrthóirí, na múinteoirí agus ionadaithe na dtuismitheoirí a chur ar an eolas faoin gciorclán seo. Má tá ceist ar bith agat maidir le hábhar an chiorcláin seo, ba chóir dul i dteagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Baile Átha Luain; Teileafón (090) 644 2861 & 644 2862.

Irene Lynn
Oifigeach Foirne
Aibreán 2016

Aguisíní

Baineann na treoracha seo leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal

DEARADH

1. Treoracha Ginearálta

Ní mór do na hiarrthóirí ceist amháin a fhreagairt as an rogha ar an scrúdpháipéar.

Tá cead ag na hiarrthóirí **Bileog Ullmhúcháin** amháin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Ní mór do na hiarrthóirí **Bileog Réamhsceitsí** agus **Moladh Dearaidh Deiridh** a tháirgeadh laistigh den am atá ceadaithe don scrúdú.

Ón uair nach n-éilíonn na ceisteanna ar an bpáipéar seo ar an iarrthóir a dhéanamh ach dearadh a tháirgeadh, agus ón uair nach n-éilítear orthu é a chur i gcrích go praiticiúil, níl aon ghá le hábhair ná le huirlisí ceardaíochta speisialta.

Gheobhaidh na hiarrthóirí an scrúdpháipéar don scrúdú sa Dearadh ar **19 Aibreán**. Is é is cuspóir leis seo ná deis a thabhairt do na hiarrthóirí an obair ullmhúcháin a chur i gcrích mar atá leagtha amach in 2 thíos.

N.B. Is é an t-aon áis fhísiúil amháin atá ceadaithe ná an Bhileog Ullmhúcháin (féach 2 thíos). Níl cead ag na hiarrthóirí áiseanna físiúla ar bith eile (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná ealaín réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú chun iad a chóipeáil ná lena n-úsáid ina moladh dearaidh deiridh.

Níl cead ag na hiarrthóirí stionsal réamhullmhaithe, seachas stionsal litreoireachta, a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe. Má tá gá le stionsail eile ní mór iad a dhéanamh laistigh den am atá ceadaithe don scrúdú.

Níl cead ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Tá cead ag na hiarrthóirí meáin agus uirlisí ealaíne oiriúnacha ar bith a úsáid chun riachtanais na ceiste a roghnaítear ar an scrúdú a chomhlíonadh: e.g. stionsail, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair le haghaidh colláise nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

Ní mór do na hiarrthóirí a scrúduimhir agus an leibhéal, mar aon le huimhir na ceiste a roghnaítear agus an teideal, a scríobh ar gach bileog a chuirtear isteach le haghaidh an scrúdaithe.

2. An obair atá le déanamh ag an iarrthóir roimh an scrúdú

Tá cead ag gach iarrthóir Bileog Ullmhúcháin A2 amháin (taighde) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh i bpróiseas forbartha a d(h)earaidh. Ba chóir an obair ullmhúcháin seo ar an mbileog A2 a dhéanamh roimh an scrúdú. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna an t-iarrthóir taighde orthu, agus a bhaineann leis an gceist a roghnaíodh. Tá cead nótaí a chur leis an obair. Ar thaobh amháin den bhileog A2 ba chóir an obair a bheith. Má roghnaíonn iarrthóir colláis, íomhánna a gearradh amach, samplaí d'fhabraicí nó de shnáithí, samplaí d'aghaidhchlónna, leabhráin de shamplaí daite, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór gach obair dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar an mbileog A2 de sceitsí ullmhúcháin. Ní mór don mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog ullmhúcháin a shíniú agus dáta a chur uirthi **sula** dtosaíonn an scrúdú á dhearbhú gur obair an iarrthóra féin gan chúnamh atá ann. Ní bheidh an bhileog ullmhúcháin ina cuid den obair a scrúdófar. Mar sin féin, ar chúiseanna rialaithe, éilíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit

- go sonródh na hiarrthóirí an bhileog mar "Bileog Ullmhúcháin"
- go gcuirfeadh na hiarrthóirí a scrúduimhir ar an mbileog ullmhúcháin
- go síneodh an múinteoir ealaíne nó an Príomhoide an bhileog agus go gcuirfí dáta uirthi le dearbhú gur obair an iarrthóra féin gan chúnamh atá ann
- go gcuirfí an Bhileog Ullmhúcháin in éineacht leis an gcuid eile de shaothar an iarrthóra sa Dearadh agus go gcuirfí i gclúdach bán an iarrthóra ag deireadh an scrúdaithe iad.

3. An obair atá le déanamh lá an scrúdaithe

3.1 Bileog Réamhsceitsí

Cuirtear an bhileog A2 seo de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Ba chóir í a shonrú mar 'Bhileog Réamhsceitsí' agus ba chóir scrúduimhir an iarrthóra agus Uimhir na ceiste a fhreagraítear a scríobh uirthi.

Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir don iarrthóir na smaointe atá ar a B(h)ileog Ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofaí gach gné den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaítear agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith ann do na gnéithe físiúla, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist a roghnaíodh. **Ní mór don iarrthóir oibriú go díreach ar a b(h)ileog A2** agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, iad daite más mian leis an iarrthóir é. Ní cóir cóipeáil go díreach ón mBileog Ullmhúcháin. Ba chóir don iarrthóir oibriú ar thaobh amháin den bhileog A2.

3.2 An Moladh Dearaidh Deiridh

Ba chóir don iarrthóir eolas ar bith a chur isteach a mheasann sé/sí atá riachtanach chun an moladh dearaidh deiridh a chur in iúl, agus tagairt shonrach a dhéanamh do na gnéithe físiúla, feidhmiúla agus ábhartha den cheist a roghnaíodh, in áit a (h)aird a dhíriú go hiomlán ar phíosa ealaíne a bhfuil bailchríoch den scoth air a tháirgeadh.

Méid na Bileoige: A2

Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach plaisteach bán don iarrthóir ina gcuirfidh sé/sí iad seo a leanas:

- Bileog Ullmhúcháin A2
- Bileog Réamhsceitsí A2
- Moladh Dearaidh Deiridh

CEARDAÍOCHT

Treoracha Ginearálta

Ní mór do na hiarrthóirí ceist amháin a fhreagairt as an rogha ar an scrúdpháipéar.

Tá cead ag na hiarrthóirí **Bileog Ullmhúcháin** amháin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Ní mór do na hiarrthóirí **Bileog Réamhsceitsí** agus **píosa ceardaíochta críochnaithe** a tháirgeadh laistigh den am atá ceadaithe don scrúdú.

Gheobhaidh na hiarrthóirí an scrúdpháipéar don scrúdú sa Cheardaíocht ar **19 Aibreán**. Is é is cuspóir leis seo ná deis a thabhairt do na hiarrthóirí an obair ullmhúcháin a chur i gcrích mar atá leagtha amach in 2 thíos.

N.B. Is é an t-aon áis fhísiúil amháin atá ceadaithe ná an Bhileog Ullmhúcháin (féach 2 thíos). Níl cead ag na hiarrthóirí áiseanna físiúla ar bith eile (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná ealaín réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú chun iad a chóipeáil.

Níl cead ag na hiarrthóirí stionsal réamhullmhaithe, ach amháin stionsal litreoireachta den aibítir, a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe. Má tá stionsail eile ag teastáil, ní mór iad a dhéanamh laistigh den am atá ceadaithe don scrúdú. Ní mór leagan amach agus spásáil na litreoireachta a chur i gcrích sa scrúdú.

Níl cead ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Tá cead ag na hiarrthóirí ábhair agus uirlisí ealaíne agus ceardaíochta oiriúnacha ar bith a úsáid chun riachtanais na ceiste a roghnaítear ar an scrúdú a chomhlíonadh.

Ní mór do na hiarrthóirí a scrúduimhir agus an leibhéal, agus uimhir na ceiste a roghnaítear agus a teideal, a scríobh ar gach bileog a chuirtear isteach le haghaidh an scrúdaithe.

Ba chóir don mhúinteoir ealaíne a bheith i láthair i seomra an scrúdaithe i gcaitheamh an scrúdaithe chun uirlisí agus ábhair a thabhairt amach, déileáil le huirlisí nó ábhair a ndéantar dochar dóibh, cuidiú leis an bhFeitheoir, más gá, chun an saothar críochnaithe a stóráil agus plé go ginearálta le ceisteanna eile nach bhfuil i gcumas an Fheitheora déileáil leo. Ar mhaithe le cothroime idir iarrthóirí a choinneáil, níl cead ag an múinteoir ealaíne stiúir ná cúnamh ar bith a thabhairt do na hiarrthóirí agus níl cead aige/aici cumarsáid a dhéanamh leis na hiarrthóirí i gcaoi a mbeadh buntáiste acu dá bharr.

Níl comhrá ná cumarsáid ar bith ceadaithe idir na hiarrthóirí le linn na scrúdaithe.

Ba chóir a cheadú do na hiarrthóirí bogadh thart méid áirithe in ionad na scrúduithe ón uair gur triail phraiticiúil atá i gceist.

Is féidir ábhar a thabhairt d'iarrthóir in áit ábhar a mhilltear. I gcás ar bith dá leithéid ba chóir an t-ábhar millte a choinneáil in éineacht le hobair chríochnaithe an iarrthóra.

Obair atá le déanamh ag an iarrthóir roimh an scrúdú

Tá cead ag gach iarrthóir Bileog Ullmhúcháin A2 amháin (taighde) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh i bpróiseas forbartha a d(h)earaidh i gcomhair na ceardaíochta. Ba chóir an obair ullmhúcháin seo ar an mbileog A2 a dhéanamh roimh an scrúdú. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna an t-iarrthóir taighde orthu, agus a bhaineann leis an gceist a roghnaíodh. Tá cead nótaí a chur leis an obair. Ar thaobh amháin de do bhileog A2 ba chóir an obair a bheith. Má bhaineann an t-iarrthóir leas as colláis, íomhánna a gearradh amach, samplaí d'fhabraicí nó de shnáithí, samplaí d'aghaidhchlónna éagsúla, leabhráin de shamplaí daite, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór gach obair dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar an mbileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

Ní mór don mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog ullmhúcháin a shíniú agus dáta a chur uirthi **sula** dtosaíonn an scrúdú á dhearbhú gur obair an iarrthóra féin gan chúnamh atá ann. Ní mór don iarrthóir an bhileog seo a shonrú mar "Bileog Ullmhúcháin". Ba chóir go gcuirfeadh na hiarrthóirí a scrúduimhir ar an mbileog ullmhúcháin. Ba chóir an Bhileog Ullmhúcháin a chur leis an gcuid eile d'obair Cheardaíochta an iarrthóra agus é a chur isteach i gclúdach bán an iarrthóra ag deireadh an scrúdaithe.

Obair atá le déanamh lá an scrúdaithe

Bileog Réamhsceitsí

Cuirtear an bhileog A2 seo de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Ba chóir í a shonrú mar 'Bhileog Réamhsceitsí' agus ba chóir Scrúduimhir an iarrthóra agus Uimhir na ceiste a fhreagraítear a scríobh uirthi.

Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir don iarrthóir na smaointe atá ar a B(h)ileog Ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofaí gach gné den dearadh agus den táirgeadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaítear, mar shampla, tréithe sainiúla ceardaíochta, foirm, uigeacht, tomhas, dath, maisiú agus bailchríoch. Ní cóir an obair a chuirtear i láthair ar an mBileog Réamhsceitsí a chóipeáil go díreach ón mBileog Ullmhúcháin. Ba chóir go mbeadh fianaise inti ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe ar an mBileog Ullmhúcháin. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú. Ní mór don iarrthóir oibriú go díreach ar a b(h)ileog A2 agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, iad daite más mian leis an iarrthóir é, agus ba chóir dó/di na hairíonna físiúla agus feidhmiúla ar fad a shamhlaíonn sé/sí leis an earra ceardaíochta 2T nó 3T a chur in iúl. Ba chóir do na hiarrthóirí oibriú ar thaobh amháin den bhileog A2.

An tEarra Ceardaíochta Críochnaithe

Baineann a cuid riachtanas féin ag baint le gach ceird. Tá liosta de cheirdeanna anseo thíos agus de na nithe atá riachtanach i ngach ceird díobh, nithe a bhfuil cead ag na hiarrthóirí iad a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe.

N.B. Níl cead i gcúinse ar bith gliúnna, roisíní ná spréanna dochracha a úsáid le linn an scrúdaithe.

Leabharcheardaíochtaí
Ba chóir go mbeadh píosa ceardaíochta críochnaithe an iarrthóra déanta as ábhair chuí agus go mbeadh sé feidhmiúil.
Uasmhéid: 40 cm sa toise is mó.
Ábhair: Clár leabharcheangail, é gearrtha de réir na méide a chuirtear in iúl sa cheist. Meascán de pháipéir éagsúla, ar a áirítear páipéar cartúis bán, páipéar marmarach nó páipéar cabhartha, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamachán, agus uirlisí oiriúnacha.

Peannaireacht
Tá de rogha ag iarrthóir cur chuige traidisiúnta agus/nó comhaimseartha a úsáid sa pheannaireacht. Is féidir leas a bhaint as meascán de cholláis, de mheáin mheasctha nó de theicníocht oiriúnach ar bith eile. Más mian leis an iarrthóir oibriú ar bhileog ar bith seachas an ceann a chuirtear ar fáil, ní mór don Fheitheoir an bhileog seo a shíniú **sula** dtosaíonn an scrúdú á dhearbhú nach raibh aon rud uirthi.
Ábhair: dromchla atá oiriúnach d'obair pheannaireachta – **uasmhéid A2**; meascán d'ábhair éagsúla le haghaidh colláise, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, T-bhacart, páipéar rianaithe, etc.

Póstaer
Más mian leis an iarrthóir oibriú ar bhileog seachas an ceann a chuirtear ar fáil, ní mór don Fheitheoir an bhileog seo a shíniú **sula** dtosaíonn an scrúdú á dhearbhú nach raibh aon rud uirthi.

Is fearr obair ealaíne phearsanaithe, agus litreoireacht lámhthógtha agus lámhdhéanta. Is faoin iarrthóir féin atá sé cruth agus cineál an pháipéir/chárta a roghnú, ach **níor chóir go mbeadh sé níos mó ná méid A2** sa toise is mó.
Ábhair: páipéir le haghaidh colláise, stionsail litreoireachta ullmhaithe, cárta, ábhair uigeacha; greamachán; scuaba; péinteanna; dúigh; meán ar bith eile a thriomaíonn go tapa.

Fíodóireacht
Tá cead ag na hiarrthóirí dlúth a ullmhú ar sheol nó ar fhráma mar a chuirtear in iúl sa cheist ar an scrúdpháipéar.
Ábhair: Is ceadmhach úsáid a bhaint as éagsúlacht mhór snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht. Is féidir meáin mheasctha a úsáid sa saothar. Na huirlisí agus na hábhair go léir is gá chun an tasc a chur i gcrích.

Líonóilghearradh/Blocphriontáil
Ba chóir toisí 15 cm × 20 cm ar a laghad a bheith i bprionta críochnaithe an iarrthóra. Is ceadmhach dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad air. Ba chóir cineálacha éagsúla gearrthacha a úsáid agus ba chóir go léireodh an saothar tuiscint chuimsitheach ar airíonna an lionóilghearrtha/na blocphriontála.
Ábhair: Píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheith á úsáid ag an iarrthóir) nach lú ná 20 cm × 15 cm; páipéar rianaithe; páipéar priontála; dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa; uirlisí gearrtha agus priontála, etc.
N.B. Mura mbíonn na dúigh tirim ar fad ag deireadh an scrúdaithe, ba chóir iad a chlúdach le plaisteach trédhearcach sula gcuirtear sa chlúdach ceardaíochta iad. **Ba chóir do na hiarrthóirí a gcuid líonóile/bloc adhmaid (agus plaisteach timpeall orthu) agus a gcuid rianaithe a chur isteach.**

Puipéadracht
Puipéad lándeilbhe – baill choirp, géaga na lámh agus na gcos, cabhail agus cloigeann **arna dhéanamh ag an iarrthóir** – ba chóir iad a dheilbhiú agus a thógáil as sreang, adhmad, cúr, *papier-mâché*, nó ábhar éadrom eile. Níl cead baill choirp athchúrsáilte ó scrúduithe eile roimhe sin a úsáid.
Puipéad lámhainne – cruthanna gearrtha amach do phuipéid agus an fhuáil mheaisín ar fad déanta.
N.B. Ní mór na baill choirp (a rinne an t-iarrthóir roimh an scrúdú féin) a chur le chéile agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe. Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe.
Ábhair: fabraic, snáth, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, etc.; bunchruth lámhainne agus an fhuáil déanta, an bhunchabhail déanta as cúr, as *papier-mâché* nó as ábhair éadroma eile.

Scáthlánphriontáil
Ba chóir do na hiarrthóirí priontáil ar chúlra atá oiriúnach dá ndearadh. Níor chóir don phrionta críochnaithe a bheith níos mó ná 100 cm sa toise is mó. Ba chóir do na hiarrthóirí forphriontáil a chur san áireamh sa dearadh.
Ábhair: fabraic, scáthláin – thart ar 100 cm cearnach, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

Teicstílí Lámhphriontáilte
Níor chóir don phrionta críochnaithe a bheith níos mó ná 100 cm sa toise is mó. D'fhéadfadh sé go n-éileofaí athphatrún nó priontáil painéil ar an scrúdpháipéar. Ba chóir do na hiarrthóirí aird a thabhairt ar na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le gluaiseacht, le sreabhadh, le nascacht agus le forphriontáil.
Ábhair: fabraic oiriúnach, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

Baitíc
Ní mór an bhaitíc chríochnaithe a thumadh go hiomlán faoi dhó ar a laghad le linn an phróisis. Níor chóir di a bheith níos mó ná 100 cm sa toise is mó. Ba chóir an lámhphéinteáil a dhéanamh ar réimsí beaga sonracha amháin. Níor chóir do na hiarrthóirí an obair chríochnaithe a ghléasadh lena chrochadh.
Ábhair: fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann smúdála, etc.

Criadóireacht
Ní mór saothar an iarrthóra **a bhácáil** agus ba chóir é a mhaisiú le hábhair oiriúnacha mar shleamhnáin, ghlónraí agus ocsaídí. Níl cead gloine mheilte a scaipeadh ar photaí amha. Ceadófar breis ama don triomú agus don bhácáil. Uasmhéid: 40 cm sa toise is mó.
Ábhair: Cré oiriúnach a ullmhaítear roimh ré don teicníocht a roghnaíonn an t-iarrthóir (roth- nó lámhdhéantús) mar leanas:
Saothar Corntha – is ceadmhach na cornaí cré a rolladh amach agus a choinneáil tais, somhúnlaithe.
Saothar Slaba – is ceadmhach an chré a rolladh amach agus a choinneáil tais, somhúnlaithe.
Ní ceadmhach aon obair thógála ná mhaisiúcháin a bheith déanta ag an iarrthóir ar a (h)earra molta roimh an scrúdú. Ceadófar breis ama don triomú agus don bhácáil ach ní mór dó a bheith críochnaithe in am don scrúdaitheoir.

Bróidnéireacht
Féadfaidh na hiarrthóirí cur chuige traidisiúnta agus/nó comhaimseartha a úsáid i gceardaíocht na bróidnéireachta. Ba chóir dóibh úsáid a bhaint as trí ghreim éagsúla ar a laghad (greamanna láimhe agus/nó meaisín) agus as teicníochtaí éagsúla, mar shampla, feiltbhrat, stuáil, obair phaisteála, *appliqué*, etc.
Ábhair: ábhair éagsúla, ina measc earraí aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, ábhar drithleach, sreang, *papier-mâché*, etc.

Snoíodóireacht adhmaid/ Snoíodóireacht
Níor chóir go mbeadh an saothar críochnaithe níos mó ná 40 cm sa toise is mó.
Ábhair: adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile; bailchríocha cuí; trealamh snoíodóireachta.

Miotalóireacht/Tógáil
Uasmhéid: 40 cm sa toise is mó. Má tá gá le struchtúr 3T is féidir taca/bonn a ullmhú roimh ré.
Ábhair: píosa de chopar ullmhaithe don chruanadh thart ar 20 cm × 15 cm de shreangthomhas 20 go 22; sreang chopair; cruain dhaite éagsúla, na huirlisí ceirde do phíosaí seodra, sádar agus flosc; miotail do theicníochtaí tógála; trealamh chun an dearadh a chur i gcrích.

Múnlóireacht
Tá rogha ag na hiarrthóirí múnlóireacht chruinn nó múnlóireacht rilífe a dhéanamh.
Uasmhéid: 40 cm sa toise is mó.
Ábhair: Is ceadmhach múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta. Is féidir ábhair chomhlántacha a chur leo. Má roghnaítear cruth 3T a dhéanamh, ní mór armatúr oiriúnach a ullmhú agus bonn a bheith mar thaca leis (ní cóir obair chré a thosú ar an armatúr roimh an scrúdú). Má roghnaítear cruth íseal rilífe, beidh gá le bonn ullmhaithe, rollta amach go dtí méid oiriúnach. Is féidir an múnla a theilgean i bplástar. **Ní mór an mhúnlóireacht a chríochnú le linn an scrúdaithe agus ní cóir í a bhácáil. Má phéinteáiltear agus má mhaisítear an mhionsamhail, ní mór sin a dhéanamh le linn an scrúdaithe.**

Ag deireadh an scrúdaithe ní mór an Cheardaíocht 2T a chur sa chlúdach trédhearcach don cheardaíocht in éineacht leis an m**BILEOG ULLMHÚCHÁIN** agus leis an m**BILEOG RÉAMHSCEITSÍ** agus aon ní eile a shonraítear i gceisteanna ar leith.

Más píosa ceardaíochta 3T a dhéantar is cóir é a chur ar bharr an chlúdaigh cheardaíochta shéalaithe ina bhfuil an **BHILEOG ULLMHÚCHÁIN** agus an **BHILEOG RÉAMHSCEITSÍ.**

Ba chóir an cheardaíocht a stóráil go sábháilte go dtí go dtagann an scrúdaitheoir ceardaíochta, a scrúdóidh an saothar sa scoil i mí an Mheithimh.

Meabhrúchán: Déantar an Cheardaíocht a scrúdú sna scoileanna féin. Ná seoltar clúdaigh thrédhearcacha Cheardaíochta ná píosaí Ceardaíochta go Baile Átha Luain.

CUMADÓIREACHT SHAMHLAÍOCH / ÁBHAR NEAMHBHEO

Treoracha Ginearálta

Ní mór do na hiarrthóirí Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo a dhéanamh mar a shonraítear ar an scrúdpháipéar é. Uasmhéid na bileoige: A2.

Ba chóir do na hiarrthóirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil araon a roghnaíonn Cumadóireacht Shamhlaíoch an túsphointe agus an bunús atá lena gcumadóireacht a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil a roghnaítear a chur in iúl.

Ní mór do gach iarrthóir a roghnaíonn Ábhar Neamhbheo (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal) earraí a thabhairt leo go dtí ionad na scrúduithe **chun a gcumadóireacht indibhidiúil féin** san Ábhar Neamhbheo a shocrú bunaithe ar an léamh a dhéanann siad ar na sleachta tuairisciúla, nó bunaithe ar earraí a luaitear nó a bhfuil cur síos orthu iontu sin. Is féidir, ar an mbealach seo, measúnacht a dhéanamh ar indibhidiúlacht an iarrthóra sa léamh a dhéanann sé/sí agus ar an gcumadóireacht a leanann bunaithe ar na sleachta tuairisciúla.

Ní mór do na hiarrthóirí a gcuid cumadóireachta Ábhar Neamhbheo a leagan amach roimh thús an scrúdaithe.

Má roghnaíonn iarrthóir an Chumadóireacht Theibí ba chóir an túsphointe agus an bunús atá lena gcumadóireacht a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil a roghnaítear a chur in iúl. Ba chóir don iarrthóir a lua go soiléir cé acu atá an Chumadóireacht Theibí aige/aici ag cloí leis an gCumadóireacht Shamhlaíoch nó leis an Ábhar Neamhbheo.

Tá cead ag na hiarrthóirí oibriú i ndath, monacróm, meáin mheasctha, colláis nó meán oiriúnach ar bith eile a thriomóidh laistigh den achar ama atá ceadaithe don scrúdú. Dá thoradh seo, níl cead olaphéinteanna ná ábhar meatach orgánach a úsáid.

Más mian le hiarrthóir oibriú ar bhileog dhaite nó ar bhileog seachas an ceann a chuirtear ar fáil, **ní mór don Fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dhearbhú nach raibh aon rud uirthi. Uasmhéid na bileoige: A2

Níl cead na hag iarrthóirí áiseanna taca mar stionsail, teimpléad, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe nó íomhánna fótagrafacha a thabhairt isteach sa scrúdú.

Ní cóir do na hiarrthóirí an saothar críochnaithe acu a ghléasadh lena chrochadh.

Níl cead ag an múinteoir ealaíne a bheith i láthair i seomra an scrúdaithe don Chumadóireacht Shamhlaíoch / Ábhar Neamhbheo.

SCEITSEÁIL BHEO-ÁBHAIR

Treoracha Ginearálta

Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

Staidiúir 15 nóiméad atá sa chéad cheann agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a dhéanamh. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi a bheidh sa dara ceann a thógfaidh 30 nóiméad. Tá cead ag na hiarrthóirí rogha a dhéanamh idir an fhíor iomlán **nó** an leathfhíor.

N.B. Má roghnaítear an leathfhíor a dhéanamh, ba chóir a mheabhrú do na hiarrthóirí nach leor an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór an staidiúir a tharraingt mar a threoraítear é a dhéanamh ar an scrúdpháipéar, agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag agus na huillinneacha a bheith san áireamh.

Ní mór do na hiarrthóirí an líníocht a dhéanamh ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (ar an aghaidh nó ón taobh).

Méid an pháipéir: A2

Más mian le hiarrthóir páipéar éagsúil a úsáid seachas an páipéar a thugtar dó/di, ní mór don Fheitheoir cúl na bileoige a shíniú roimh thús an scrúdaithe á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi.

Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.

Ní mór do na hiarrthóirí a scrúduimhir agus an leibhéal a scríobh go soiléir ar gach bileog líníochta.

Is féidir aon mheán líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán triomú go tapa, áfach.

Is féidir an cúlra a chur in iúl.

Níor chóir do na hiarrthóirí an saothar críochnaithe a bhearradh ná a ghléasadh lena chrochadh.

Beidh cead ag an gcuspa idir a deich agus cúig nóiméad déag san iomlán a ghlacadh mar thréimhsí sosa le linn an scrúdaithe. Is féidir babhtaí sosa a eagrú de réir mar a oireann. Beidh siad seo san áireamh san uair an chloig iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag na hiarrthóirí leanúint lena gcuid oibre ar an líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa.

Deichniúr iarrthóirí ar a mhéid a cheadaítear i mbun líníochta le cuspa amháin. Más gá, ba chóir ligean do na hiarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa agus an dara staidiúir ar siúl ach ní cóir dóibh radharc ón gcúl a tharraingt.

Níl cead ag an múinteoir ealaíne a bheith i láthair sa seomra scrúdaithe don scrúdú sa Sceitseáil Bheo-Ábhair.